



## Cabhrú le Taighde Rathúil na Scoláirí

**O I D E A C H A S**

**R E I L I G I Ú I N**

### Fiosrúchán

#### Réamheolas a sheiceáil

Cad é atá ar eolas agam cheana faoin topaic seo? An bhfuil mé claonta i leith na topaice?

#### Mo Cheist Taighde a Roghnú

Cén ghné den topaic seo is mó a bhfuil spéis agam inti?

Cad is fiú an topaic atá roghnaithe agam a fhiosrú? An bhfuil gné ar leith den topaic seo a fhiosróidh mé? Conas is féidir liom a chinntiú go mbeidh mo thaighde leathan agus cothrom agus go mbeidh sé bunaithe ar réimse dearcthaí?

Cé na ceisteanna a threoróidh mo thaighde?

Cad é is mian liom a fháil amach?

Cén réimse is mó a bhfuil spéis agam ann?

### Fiosrú

#### Reiligiún Domhanda / Dearcadh Saoil Domhanda

Cén reiligiún domhanda nó dearcadh saoil domhanda atá mé a iniúchadh?

Cén fhianaise a thig liom a chur ar fáil?

Cén dóigh / cén áit a bhfaighidh mé eolas?

M.sh. trí r-phoist, nuachtáin, suíomhanna idirlín, meáin shóisialta, cuair ar an leabharlann / músaem, turas allamuigh, srl.

An bhfuil daoine ann ar féidir liom labhairt leo nó agallamh a chur orthu faoin reiligiún nó dearcadh saoil domhanda seo?

Sa chás gur féidir, úsáid níos mó ná foinse amháin.

#### Iontaofacht a sheiceáil

Cad é chomh hiontaofa agus atá mo chuid foinsí?

An bhféadfadh d'fhoinse a bheith claonta?

Cad é chomh nua agus atá do chuid eolais?

Cuimhnigh go gcláraíonn tú d'fhoinsí eolais uile.

### Machnamh agus gníomh

#### Machnamh a dhéanamh ar do thorthaí

Cad iad na príomhthorthaí ó do thaighde? An bhfreagraíonn na torthaí an cheist taighde agat? Ar chuir tú tagairtí le d'fhoinsí go léir?

#### Do chuid Torthaí a Roinnt

Conas a úsáidfidh mé na torthaí seo agam? Conas a roinnfidh mé le daoine eile iad?

#### Machnamh Pearsanta

Is tábhachtach meabhrú ar an méid a d'fhoghlaim tú trí d'iniúchadh, conas a d'fhoghlaim tú é agus cad é a chiallódh sé duit anois nó san am atá le teacht.



Téacs Naofa a Léamh



Teagasc Bunaitheora



Íomhá a Léirmhíniú



Déantán a Scrúdú



Cuairt a thabhairt ar Ionad Adhartha



Machnamh ar an gCultúr Comhaimseartha



@JCforTeachers @JCT\_RE